Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**6573/1/19**
**REV 1**

**AG 6**
**INST 45**
**PE 49**
**DATAPROTECT 54**
**JAI 154**
**CYBER 48**
**FREMP 25**
**RELEX 147**
**JAIEX 17**
**HYBRID 5**
**CULT 31**
**EDUC 73**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó na Ballstáit maidir lena áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann<br>– Toradh na n-imeachtaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan deiridh de na conclúidí thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 19 Feabhra 2019.

**Conclúidí ón gComhairle agus ó na Ballstáit maidir lena áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann**

FAOI CHUIMSIÚ A nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS NA BALLSTÁIT MAR A LEANAS[1],

**I. Aontas luachanna: ár sochaithe daonlathacha a chosaint sa ré dhigiteach**

1. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an tAontas bunaithe ar luachanna an mheasa ar an daonlathas, an smacht reachta agus na cearta bunúsacha. Cuireann na Conarthaí i dtreis ról lárnach na saoránach i ndaonlathas an Aontais. Ionadaítear do na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais agus toghtar Parlaimint na hEorpa trí shaorbhallóid rúnda.
2. MEABHRAÍONN SIAD a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais a mhéadú agus a fheabhsú mar a cuireadh in iúl sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017[2].
3. CUIREANN SIAD I dTREIS gur bunchloch don daonlathas éifeachtacht rathúil iad na meáin shaora, iontaofa, iolraíocha. Ar an gcaoi chéanna, le hardáin idirlín agus ar líne atá oscailte, slán agus inrochtana, éascaítear daonlathas rannpháirteach, trédhearcach agus éifeachtach.
4. CUIREANN SIAD I dTREIS gurb iomaí sin bealach is féidir dochar a dhéanamh do phróisis toghcháin lena n-áirítear bagairtí hibrideacha agus cibearshlándála agus an bhréagaisnéis. Fágann sin gur cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch agus gníomhaíocht chinntitheach atá de dhíth d'fhonn bagairtí treascracha agus eascairdiúla den sórt seo a chomhrac.
5. CUIREANN SIAD I dTREIS nach mór aghaidh a thabhairt ar an gcibearshlándáil le cur chuige comhsheasmhach ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal an Aontais agus an leibhéal domhanda[3], agus nach mór athléimneacht na bpróiseas toghcháin san Aontas agus ullmhacht na rannpháirtithe sa díospóireacht dhaonlathach a mhéadú chun cibearbhagairtí a sheasamh, agus aird á tabhairt aici ag an am céanna gur faoi inniúlacht na mBallstát amháin atá eagrúchán agus creat dlíthiúil maidir le toghcháin náisiúnta agus, a mhéid a bhaineann le toghcháin Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Acht Toghcháin[4], faoi réir fhorálacha an Achta seo gur faoi fhorálacha náisiúnta gach Ballstáit a dhéanfar an nós imeachta toghcháin a rialú.

---

[1] Ag féachaint do na prionsabail in Airteagal 3 (6), Airteagal 4 agus Airteagal 5 CAE go háirithe.

[2] A ghlac an Chomhairle ag an 3533ú cruinniú a bhí aici, ar an 11 Bealtaine 2017, 9080/17

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, bacadh agus cosaint: Cibearshlándáil dhaingean a thógáil don Aontas Eorpach 14435/17

[4] Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (IO L 278, 8.10.1976, lch.5)

6. AITHNÍONN SIAD go bhfuil dúshláin nua ann, agus tionchar mór dá réir, don phróiseas daonlathach i ngeall ar leathadh na bréagaisnéise. Ní mór do na Ballstáit, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar bhealach comhordaithe agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, de réir mar is cuí.
7. MEABHRAÍONN SIAD go rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil na hEorpa a chumadh agus mian pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl, mar a chuirtear in iúl sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha.
8. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR gurb ionann an ceart um shaoirse comhlachais ar gach leibhéal, in ábhair pholaitiúla agus shibhialta, mar shampla, agus an ceart um shaoirse cainte, lena n-áirítear an tsaoirse tuairimí a bheith ag an duine agus eolas agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údaráis phoiblí agus beag beann ar theorainneacha, agus cearta bunúsacha shaoránaigh uile an Aontais.
9. MEABHRAÍONN SIAD a thábhachtaí atá sé réimse poiblí oscailte a rathú do shaoránaigh, cothrom na Féinne a áirithiú d'fheachtais pholaitiúla agus do phróisis toghcháin a bhféadfaidh na saoránaigh muinín a bheith acu astu.
10. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH na bearta agus na moltaí a thíolaic an Coimisiún sa phacáiste maidir lena áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann, ar an 12 Meán Fómhair 2018, mar aon leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta i gcoinne na bréagaisnéise (dá dtagraítear feasta "an Plean Gníomhaíochta") chun a áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann.
11. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an comhaontú sealadach maidir leis an togra reachtach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina mbaineann páirtithe polaitiúla na hEorpa nó fondúireachtaí bainteacha buntáiste as cleachtais a sháraíonn rialacha maidir le cosaint sonraí d'fhonn tionchar a imirt nó ar iarracht a dhéanamh tionchar a imirt d'aon turas ar thorthaí na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa agus tugann siad dá n-aird an gá lena ghlacadh go pras.

**II. Freagairt Eorpach a fhorbairt lena áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha ann – iarraidh chun sineirgí a fheabhsú**

12. CUIREANN SIAD I dTREIS go bhfuil gá le comhar uile-Aontais agus cur chuige cuimsitheach chun slándáil agus dlisteanacht toghcháin a áirithiú – i dtaca le muinín an phobail agus nósanna imeachta dlíthiúla araon – i gcás na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019, gur léir gur tréimhsí thar a bheith íogair agus straitéiseach – ó thaobh a bheith ag teacht timpeall ar na gnáthchosaintí ar líne iad – agus go léireofar aon bhagairt, lena n-áirítear an bhagairt ó chibearionsaithe, bréagaisnéis nó gníomhaíochtaí treascracha nó mailíseacha, i mbainistiú riosca toghchán.
13. CUIREANN SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun an tAontas gona Bhallstáit, a gcomhlachtaí agus a mbeartas, a chosaint ó fheachtais bréagaisnéise spriocdhírithe, ar dócha go dtiocfaidh méadú orthu sa tréimhse roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2019.
14. AITHNÍONN SIAD gur féidir foinsí na bréagaisnéise – agus an feiniméan a bhaineann leis sin – a shainaithint laistigh agus lasmuigh den Aontas agus go dtagann sé as raon leathan gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon. I ndáil leis sin, ba cheart do na hiarrachtaí díriú ar ghníomhaithe naimhdeacha, ar fhoinsí Rúiseacha go háirithe, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta, atá ag baint úsáid as straitéisí bréagaisnéise níos mó ná riamh. Treorófar an ghníomhaíocht in aghaidh na bréagaisnéise ar bhonn na hanailíse ar bhagairtí agus ar na measúnaithe faisnéisí.
15. CUIREANN SIAD I bhFÁTH á thábhachtaí atá sé líonraí náisiúnta do chomhar toghcháin a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun go mbeifear in ann bagairtí ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a bhrath, agus a thábhachtaí atá comhroinnt thapa, éifeachtach, shlán faisnéise agus lánurraim á tabhairt ar cheanglais cosanta sonraí, idir údaráis le hinniúlachtaí i gcúrsaí toghcháin agus údaráis a oibríonn i réimsí gaolmhara.
16. IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát trí líonra comhair do thoghcháin Eorpacha, a raibh a chéad chruinniú aige ar an 21 Eanáir 2019, a chuireann fóram ar fáil le haghaidh malartú faisnéise agus cleachtas idir údaráis na mBallstát, go háirithe i bhfianaise na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019.
17. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún líonra comhair do thoghcháin Eorpacha a thionóil ar bhonn rialta go háirithe chun dul i ngleic le feachtais bhréagaisnéise agus trasnaíochtaí eile roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar bhealach cuimsitheach, chun sineirgí a thógáil agus saineolas agus dea-chleachtais náisiúnta a chomhroinnt, lena n-áirítear bagairtí agus bearnaí a shainaithint go comhpháirteach.

18. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí beart de réir a mbriathar a dhéanamh go pras i ndáil lena rún córas mear-rabhaidh a bhunú, dá dtagraítear sa Phlean Gníomhaíochta. I bhfianaise na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019, éascófar comhroinnt na faisnéise ábhartha idir na Ballstáit trí na pointí teagmhála náisiúnta don chóras mear-rabhaidh. Ba cheart do na pointí teagmhála náisiúnta seo comhoibriú go dlúth leis na líonraí náisiúnta do thoghcháin ar an leibhéal iomchuí i gcás ina mbaineann bréagaisnéis le toghcháin. Ina theannta sin, ba cheart torthaí obair an chórais mear-rabhaidh a chomhroinnt leis an líonra comhair do thoghcháin Eorpacha.
19. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún, ina Thuarascáil maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2019, aird ar leith a thabhairt, ar bhonn ionchur na mBallstát agus gníomhaithe ábhartha eile, ar ullmhacht agus athléimneacht ar chur isteach i dtoghcháin a sheasamh.
20. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breis feabhais a chur ar an gcumarsáid straitéiseach maidir le luachanna agus beartais Eorpacha, d'fhonn muinín shaoránaigh na hEorpa as an Aontas agus as institiúidí an Aontais a chomhdhlúthú, agus na saoránaigh sin a spreagadh i dtaca leis an bpróiseas daonlathach.

**III. Athléimneacht agus smaointeoireacht chriticiúil na saoránach a neartú**

21. CUIREANN SIAD I dTREIS, i dtimpeallacht na meán ilroinnte agus bagairtí ar an tslándáil náisiúnta atá ann anois, go bhféadfaidh na meáin ghairmiúla ról tábhachtach a imirt maidir le faisnéis a bhailiú, a fhíorú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus, dá bhrí sin, baineann ríthábhacht leis na meáin sin don dioscúrsa poiblí. Sa chomhthéacs sin, cuidíonn na sceithirí sa ról tábhachtach atá acu le hobair iriseoirí agus obair an phreasa neamhspleách. Ina theannta sin, tá ról bunriachtanach i gcónaí ag meáin na seirbhíse poiblí maidir leis an daonlathas, an t-iolrachas agus an comhtháthú sóisialta agus éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chosaint. Ina theannta sin, cuireann go leor gníomhaithe príobháideacha meán ábhar ar fáil ar chun leas an phobail é freisin[5].
22. CUIREANN SIAD I dTREIS a thábhachtaí atá oideachas ginearálta ardchaighdeáin ar fud an Aontais, agus go háirithe a thábhachtaí atá an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht sna meáin. Tig leis sin a bheith ina chuidiú do shaoránaigh sreabhadh faisnéise ó na meáin shóisialta, líonraí sóisialta agus foinsí comhchosúla a mheas le teacht ar a dtuairimí féin go háirithe sa ról atá acu mar vótálaithe. Agus béim á leagan aici, i ndáil leis an méid sin, ar an tábhacht a bhaineann le Seachtain Litearthacht sna Meáin ar an 18-22 Márta 2019.

[5] Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú 14986/18

23. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis fhreagracha sna Ballstáit éiceachóras na meán san Eoraip a neartú d'fhonn táirgeadh inbhuanaithe agus infheictheacht na hiriseoireachta neamhspleáiche gairmiúla a áirithiú mar bhealach chun saoránaigh a chumhachtú, daonlathas a chosaint agus leathadh na bréagaisnéise a chomhrac[6].
24. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an litearthacht sna meáin agus an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di sin d'fhonn cur chuige criticiúil a fhorbairt tuilleadh i measc na saoránach i ndáil le hábhar na meán a dháiltear nó a chuirtear chun cinn[7]. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist: treoirlínte a bheith ann do shaoránaigh chun bréagaisnéis a bhrath agus a sheachaint, feachtais spriocdhírithe chun feasacht ar thionchair dhiúltacha na bréagaisnéise a mhúscailt, tacú le malartuithe trasteorann dea-chleachtas i measc cleachtóirí na litearthachta sna meáin chomh maith le huirlisí praiticiúla a fhorbairt chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn don phobal[8].
25. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar leis na gníomhaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear na meáin, ardáin ar líne agus soláthraithe teicneolaíochta faisnéise agus an tsochaí shibhialta, gníomhaíochtaí múscailte feasachta a chur chun cinn atá dírithe ar shláine an phróisis toghcháin a chosaint.
26. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do na struchtúir inniúla uile chun bréagaisnéis atá dírithe ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, a bhrath, a anailísiú agus a nochtadh. I bhfianaise an mhéid sin, IARRANN SIAD ar an gCoimisiún dul i mbun oibre le húdaráis na mBallstát i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta chun bunú líonra ildisciplíneach neamhspleách seiceálaithe fíricí agus taighdeoirí acadúla a éascú chun an bhréagaisnéis a bhrath agus a nochtadh ar na líonraí sóisialta agus na meáin dhigiteacha éagsúla.

[6] Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú 14986/18
[7] Lena n-áirítear, mar a leagtar amach i moladh ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.
[8] Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú 14986/18; Conclúidí ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le litearthacht sna meáin agus an smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint.

**IV. Ár sonraí agus ár gcóras a chosaint: cur i bhfeidhm Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a áirithiú agus cibearshlándáil a fheabhsú do na toghcháin Eorpacha**

27. MEABHRAÍONN SIAD an oibleagáid chun rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú freisin agus sonraí pearsanta á bpróiseáil tráth toghcháin, agus inniúlacht shonrach na n-údarás cosanta sonraí faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na rialacha sin agus IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH treoirlínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí agus an treoir a chuir an Coimisiún ar fáil chun tacú le comhlíonadh den chineál sin ag na gníomhaithe ar fad.
28. CUIREANN SIAD SAN ÁIREAMH go bhfuil acmhainní iomchuí ag teastáil ó na húdaráis náisiúnta atá inniúil maidir le gnóthaí toghchánacha, lena n-áirítear na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, lena n-áirítear trealamh teicniúil agus pearsanra oilte, chun cibeartheagmhais agus cibearionsaithe a sheasamh, agus an reachtaíocht infheidhme a fhorfheidhmiú.
29. CUIREANN SIAD I dTREIS, ag féachaint don chomhaontú sealadach dá dtagraítear i mír 11, a thábhachtaí atá sé go gcuireann na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ar an eolas maidir lena gcinntí gur sháraigh duine nádúrtha nó dlítheanach na rialacha infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta nuair is é atá de thoradh ar an gcinneadh sin nó nuair atá forais réasúnacha eile ann le creidiúint go bhfuil ceangal idir an sárú agus gníomhaíochtaí polaitiúla a chleacht páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach d'fhonn tionchar a imirt ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa – ós rud é, i ndáil leis sin, nach féidir leis an Údarás gníomhú ach i gcás ina gcuirtear in iúl dó cinneadh an údaráis inniúil maidir le cosaint sonraí lenar bunaíodh sárú den sórt sin.
30. IARRANN SIAD ar na Ballstáit cibearbhagairtí a mheas sa chomhthéacs toghchánach, bearta iomchuí a bheartú chun aghaidh a thabhairt orthu agus na céimeanna is gá a ghlacadh d'fhonn sláine na gcóras toghchánaíochta gona mbonneagar sna Ballstáit a chaomhnú, amhail iad a thástáil roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh cleachtadh boird ar leibhéal an Aontais a bheidh ábhartha mar thástáil. Féadfaidh na Ballstáit an Choimre um Chibearshlándáil do Theicneolaíocht Thoghchánach a d'fhorbair grúpa comhair na slándála gréasán agus faisnéise (NIS) a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/1148.

**V. Trédhearcacht, cuntasacht agus sláine níos fearr ar líne a spreagadh**

31. AITHNÍONN SIAD a riachtanaí atá sé, i gcomhréir leis na rialacha infheidhme, trédhearcacht na bhfógraí agus na dteachtaireachtaí íoctha polaitiúla ar líne a chothú agus a éascú, lena n-áirítear maidir lena gcuspóir fógraíochta, na modhanna ina ndírítear iad ar shaoránaigh agus a maoiniú.
32. CUIREANN SIAD I bhFÁTH a riachtanaí atá sé leanúint den chomhar le hardáin na meán sóisialta d'fhonn measúnú a dhéanamh an leordhóthanach agus leormhaith iad na sásraí deonacha féinrialála chun cearta bunúsacha na saoránach a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshlán na bréagaisnéise ar líne.
33. IARRANN SIAD ar na Ballstáit agus ar na hardáin ar líne, treisiú a dhéanamh ar a gcuid iarrachtaí i dtaca leis an trédhearcacht maidir le gníomhaíochtaí ar líne toghchánacha a chur chun cinn. Is díol sásaimh dóibh an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais, IARRANN SIAD ar na hardáin ar líne infheistíocht a dhéanamh sna hacmhainní riachtanacha chun déileáil le gníomhaíochtaí ar líne toghchánacha, ar bhealach atá freagrach agus cuntasach, lena n-áirítear trí thrédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú maidir le próiseáil sonraí agus anailísiú sonraí chun críocha polaitiúla; botaí a úsáidtear chun críocha cúblála faisnéise a aithint agus deireadh a chur leo; deireadh a chur le claonadh algartamach a chuireann bréagaisnéis chun cinn agus a chuireann an díospóireacht phoiblí as riocht; fáil réidh le hábhar neamhdhleathach ar líne; agus rochtain ar shonraí a thabhairt chun críocha taighde a dhíríonn ar leochaileachtaí ábhartha a shainaithint, ach a áirithíonn, ag an am céanna, saoirse na meán agus nach mbainfear anuas aon fhógraíocht i ngeall ar chúinsí polaitiúla, i gcomhréir iomlán leis na rialacha maidir le cosanta sonraí.
34. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún, i gcomhar le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus gníomhaithe ábhartha eile, leanúint den fhaireachán córasach ar chun chun feidhme an Chóid Cleachtais maidir le bréagaisnéis agus an Chomhairle agus na Ballstáit a chur ar an eolas go rialta maidir lena thorthaí, go háirithe i bhfianaise na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa in 2019[9].

[9] Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú 14986/18

**VI. Bagairtí ilchineálacha a chomhrac agus comhar seachtrach ar ghnóthaí toghchánacha a neartú**

35. AITHNÍONN SIAD gur féidir le cumarsáid phoiblí agus feachtais chun feasacht a ardú éifeachtaí diúltacha na bréagaisnéise, na mbagairtí ilchineálacha agus na cibearghníomhaíochtaí mailíseacha a mhaolú agus, ar an gcaoi sin, éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar dhéantóirí ionchasacha.
36. TUGANN SIAD DÁ hAIRE gur gá éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorbairt na mbeart sin dá bhforáiltear sa chreat don fhreagairt chomhpháirteach thaidhleoireachta ón Aontas ar chibearghníomhaíochtaí mailíseach d'fhonn na cibearghníomhaíochtaí mailíseacha ar leibhéal straitéiseach a chosc agus a dhíspreagadh agus freagairt dó sin nuair is gá.
37. TUGANN SIAD DÁ hAIRE an gá atá le hidirphlé idir na saineolaithe idirnáisiúnta ábhartha chun dea-chleachtais i ndáil le córais thoghchánacha athléimneacha a mhalartú.
38. IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, a chomhlánaíonn na sásraí comhair atá ann faoi láthair, roghanna do chomhar breise leis na gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha a fhiosrú, amhail G7 agus ECAT, i gcás inarb iomchuí, agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais Eorpaigh.